



Nóta Faisnéise: SIU 0001/2020 maidir le Ciorclán 0016/2019

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na nIar-Bhunscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Nóta Faisnéise maidir le Nósanna Imeachta Fógraíochta Athraithe do Chomhordaitheoirí Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail (HSCL) i Scoileanna Aitheanta mar thoradh ar Phaindéim Covid-19

1. Cuspóir an Nóta Faisnéise:

Is é is cuspóir leis an nóta seo ná comhairle a chur ar Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na nIar-Bhunscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus ar Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna maidir le hathruithe ar an gcaoi a ndéanfar sannadh Comhordaitheoirí Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail (HSCL) a fhógairt le linn Phaindéim Covid-19.

2. Post mar HSCL a Fhógairt:

Sonraítear in Alt 2 (2) de Chiorclán 0016/2019 (An Scéim Theagmhála, Baile agus an Phobail: Sannadh Comhordaitheoirí Teagmhála, Baile, Scoile agus an Phobail i Scoileanna DEIS)-

“Cuirfear fógra faoi phost folamh ar bith i suíomh sofheicthe ar an gclár/na cláir fógra foirne laistigh den/de na scoil(eanna). Sonrófar san fhógra an spriocdháta d'fháil iarratas nár cheart iad a sheoladh tráth nach luaithe ná 10 lá scoile tar éis dáta tosaigh chur an fhógra sa scoil. Ba chóir go bhfanfadh an fógra ar an gclár fógraí go dtí go mbeidh an spriocdháta d'iarratais istigh.”

I bhfianaise na gcúinsí reatha nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta fógraíochta.

Dá réir sin, tá an ceanglas maidir le fógra a chur ar chlár fógraí na scoile curtha ar fionraí fad is atá na scoileanna dúnta. **Chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le folúntas a chur in iúl don fhoireann uile, ní mór do scoileanna cóip den fhógra maidir leis an bpost folamh a sholáthar do gach ball den fhoireann ach é a chur go díreach chuig seoladh teagmhála nó seoladh ríomhphoist ainmnithe an mhúinteora. Baill foirne a bhfuil cead neamhláithreachta íoctha nó neamhíoctha acu nó atá ar iasacht, tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh chomh maith. Mar sin, beidh feidhm ag an bpróiseas thuasluaite**

freisin maidir le teagmháil a dhéanamh leis na baill foirne siúd a bhfuil cead neamhláithreachta íoctha nó neamhíoctha acu nó atá ar iasacht.

Níor chóir don dáta deiridh a nglacfar le hiarratais a bheith níos luaithe ná 10 lá scoile tar éis an chóip den fhógra a eisiúint do na múinteoirí den chéad uair.

Tá Ciorclán 0016/2019 le fáil ag an nasc seo a leanas-

https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0016_2019_ir.pdf

Mary Cregg
An tAonad Cuimsithe Shóisialta
An 27 Bealtaine 2020